2024/2401

13.9.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2401 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Meán Fómhair 2024

lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2101 ón gCoimisiún lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le fluairíd sulfairile lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8 agus 18

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Áiríodh fluairíd sulfairile in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8 agus 18. Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 86 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, measadh í a bheith formheasta go dtí an 31 Nollaig 2018 lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 agus go dtí an 30 Meitheamh 2021 lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 faoin Rialachán sin, faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE.

(2) An 28 Meitheamh 2017 cuireadh isteach iarratais i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 chun an formheas maidir le fluairíd sulfairile a athnuachan lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8 agus 18 ('na hiarratais'). Is é údarás inniúil na Sualainne ('an t-údarás inniúil meastóireachta') a rinne meastóireacht ar na hiarratais.

(3) De bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1479 ón gCoimisiún ([3]), cuireadh ar atráth go dtí an 30 Meitheamh 2021 dáta éaga an fhormheasa maidir le fluairíd sulfairile lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 chun go mbeidh go leor ama ann chun scrúdú a dhéanamh ar an iarratas. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/713 ón gCoimisiún ([4]) cuireadh ar atráth arís dáta éaga an fhormheasa maidir le fluairíd sulfairile lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirge 8 agus 18 go dtí an 31 Nollaig 2023. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2101 ón gCoimisiún ([5]), cuireadh an dul in éag sin ar atráth arís go dtí an 31 Nollaig 2024.

(4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2402 ([6]) ón gCoimisiún, ní dhearnadh athnuachan ar an bhformheas maidir le fluairíd sulfairile lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha 8 agus 18. Dá bhrí sin, is iomchuí Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2101 ón gCoimisiún lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le fluairíd sulfairile a aisghairm,

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/8/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1479 ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2018 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le fluairíd sulfairile lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 (IO L 249, 4.10.2018, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/1479/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/713 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2021 lena gcuirtear ar atráth an dáta éaga i leith formheas fluairíde sulfairile le húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirge 8 agus 18 (IO L 147, 30.4.2021, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/713/oj).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2101 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2023 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le fluairíd sulfairile lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8 agus 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 241, 29.9.2023, lch. 147, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2101/oj).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2402 ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2024 gan athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le fluairíd sulfairile lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8 agus 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/2402, 13.9.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2402/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2101.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN